ODF

Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Tuarascáil Bhliantúil 2022

Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann

Cairt Chustaiméirí

Bunaíodh an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann le dlí chun próiseas achomhairc neamhspleách go reachtúil a sholáthar trína bhféadfaidh comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a phróiseáil gearán tríd an gcóras um Shásamh Éagóracha, ach atá fós míshásta leis an toradh, a gcasaoid a tharchur chuig an Ombudsman le haghaidh léirmheas. Glacann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann freisin le gearáin a dhéanann baill reatha agus iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann go díreach, faoi réir coinníollacha áirithe.

De bhun ailt 4 agus 6 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 féadfaidh an tOmbudsman, le heisceachtaí áirithe, gníomh a rinne comhalta d'Óglaigh na hÉireann nó státseirbhíseach de chuid na Roinne Cosanta a imscrúdú, Cé acu

(a) Go ndearna, nó go bhféadfadh sé go ndearna, dochar do ghearánach, más rud é

(b) Go raibh nó go bhféadfadh an gníomh a bheith -

- (i) A thógtar gan údarás cuí,
- (ii) A thógtar ar fhorais nach mbaineann le hábhar,
- (iii) Toradh na faille nó na heaspa,
- (iv) Atá bunaithe ar fhaisnéis earráideach nó neamhiomlán,
- (v) Idirdhealaitheach go mhíchuí,
- (vi) Míréasúnta, ainneoin breithniú ar chomhthéacs na timpeallachta míleata,
- (vii) Atá bunaithe ar chleachtas riaracháin neamh-inmhianaithe, nó
- (viii) Contrártha ar shlí eile do riarachán cóir nó fónta,

(c) Nár odrú a eisíodh i gcúrsa oibríochta míleata an chaginean, agus

(d) I gcás comhalta ar fónamh d'Óglaigh na hÉireann, ní dócha go réiteofar an cheist agus tréimhse de, tá 28 lá caite ó rinneadh an gearán faoil alt 114 d'Acht 1954.

Trí fhoráil leasaithe san Acht um Nochtadh Cosanta 2014, rinneadh foráil do chatagóir gearáin bhreise in Alt 4, is é sin pionósú de dhuine de bharr nochta cosanta.

Forálann alt 6(3) den Acht do theorainneacha ama chun gearán a chur in iúl don Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann mar a leanas: -

(3) Déanfaidh gearánach gearán dá dtagraítear i bhfo-ailt (1) agus (2) tráth nach déanaí ná 12 mhí ón -

(a) dáta na gníomhaíochta lena mbaineann, nó

(b) an dáta a tháinig an gearánach ar an eolas faoin gcaingean, Cibé acu is déanaí.

Cibé acu is déanaí.

Déanann an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann a dhícheall bealach cothrom, so-úsáidte agus inrochtana a sholáthar chun cásanna a bhreithniú.

Clár Ábhair

Gluais Téarmaí agus Giorrúchán a úsáidtear sa Tuarascáil	4
Réamhrá	5
Conas a théann OÓÉ i mbun fiosrúcháin?	8
Buaicphointí 2022	10
Anailís ar Ghearáin & Atreoruithe - 2022	11
Achoimre Cás	15
Gnóthaí Corparáideacha	25
Athbhreithniú ar Rialuithe Airgeadais Inmheánacha	25
Cosaint Sonraí	25
Comhairle Bharra na hÉireann	27
Sláinte & Sábháilteacht	27
Saoráil Faisnéise	27
AN tACHT OMBUDSMAN (FÓRSAÍ COSANTA) 2004	29
Nochtadh Cosanta (Leasú ar an Acht 2004)	47

Is mian leis an Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann buíochas a ghabháil le Preasoifig Óglaigh na hÉireann as úsáid na ngrianghraf atá sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

IRISH AIR CORPS
Maritime

Gluais Téarmaí agus Giorrúcháin a úsáidtear sa Tuarascáil

DF	Óglaigh na hÉireann
ODF	Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann
Bde	Briogáid
Bn	Cathlán
DFHQ	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann
DFTC	Ionad Traenála Óglaigh na hÉireann
MO	Oifigeach Leighis
IO/MIO	Oifigeach Imscrúdaithe Míleata
OC	Oifigeach i gCeannas
GOC	Oifigeach Ginearálta i gCeannas
COS	Ceann Foirne
NCO	Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe
RDF/FCA	Óglaigh Cúltaca
DFR	Rialachán Óglaigh na hÉireann
Unit Comdr	Ceannasaí Aonaid
FOCNS	Oifigeach Bratach i gCeannas na Seirbhíse Cabhlaigh
ROW	Sásamh Éagóracha
PO	Mionoifigeach (An tSeirbhís Chabhlaigh)
DCOS (Sp)	Leas-Cheann Foirne, Tacaíocht
Tech	Teicneoir
Coy Comdr	Ceannasaí Cuideachta
Sec Coy	Cuideachta Slándála
AC	an tAerchór
NS	An tSeirbhís Chabhlaigh
Recommendations	Moltaí déanta don Aire Cosanta mar a fhoráiltear in Alt 7 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004
EPMO	Oifig Bainistíochta Pearsanra Liostáilte
COMO	Oifigigh Choimisiúnaithe Oifig Bainistíochta
PDFORRA + RACO	Cumainn Ionadaíocha do Phearsanra ar Seirbhís
GMO	Oifig Bainistíochta Sásaimh

1 Réamhrá

Réamhrá do Thuarascáil Bhliantúil OÓÉ 2022

Ba bhliain í 2022 inar tharla mórán rudaí i saol Óglach na hÉireann. Foilsíodh Tuarascáil Choimisiún Óglach na hÉireann agus d'fhógair an Rialtas pleananna chun caiteachas ar Óglaigh na hÉireann a mhéadú go suntasach. Bunaíodh freisin Grúpa Athbhreithnithe Neamhspleách nuair a craoladh an chlár ar RTÉ "Women of Honour" agus foilsíodh an tuarascáil a scríobh an Grúpa le déanaí. Thug mé fianaise don Ghrúpa sin go luath i ndiaidh dó a bheith bunaithe.

Is gnách go gcóipeáltar chuig m'oifig Fógraí Gearán a chuirtear faoi bhráid phróiseas casaoide inmheánaigh Óglaigh na hÉireann (de bhun Alt 114 den Acht Cosanta 1954 (Leasú). Ní sheoltar fiosrúchán i m'oifigse, áfach, mura n- atreoraíonn an gearánach an gearán chugam chun é a fhiosrú. Den chuid is mó, réitítear an gearán (nó tarraingítear siar é) laistigh de phróiseas inmhéanach casaoide Óglaigh na hÉireann. Cé go bhfuil sé ceadaithe do chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann gearán a atreorú go díreach chuig m'oifig agus gan úsáid a bhaint as próiseas casaoide inmheanach ÓÉ, baineann formhór mór na ngearánach úsáid fós as an bpróiseas casaoide inmheánach. Mar shampla, in 2022 níor chuir ach beirt chomhalta d'ÓÉ gearán ar aghaidh go díreach chuig m'oifig.

Tá sé sothuigthe go bhfuil ráta glactha íseal ann gearán díreach a dhéanamh liom mar d'fhéadfadh sé go dtiocfaí ar réiteach go luath má úsáidtear an bealach casaoide inmheánach. D'fhéadfadh an rogha Atreorú Díreach a bheith níos tarraingtí dóibh siúd a rinne moill an gearán a chur isteach, nó más amhlaidh go bhfuil sé práinneach an gearán a fhiosrú.

Déantar foráil in alt 6 (3) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 nach mór gearán a athreorú chuig an OÓÉ laistigh de 12 mhí ón dáta ar tharla an chúis gearáin, nó 12 mhí ón dáta ar ar tháinig an gearánach ar an eolas faoin gceangean, cibé acu is déanaí. Níl aon discréid ann cur leis na tréimhsí seo i gcás ar bith.

Tá an tréimhse 12 mhí seo róghearr, i mo thuairim, go háirithe más fearr le gearánach ligean don phróiseas casaoide inmheánach in Óglaigh na hÉireann dul ar aghaidh agus críochnú, más cás casta atá i gceist, agus má cuireadh isteach den chéad uair é roinnt míonna i ndiaidh an imeachta. I gcás mar sin, tá riosca dáiríre ann go bhféadfaí an teorainn 12 mhí a shárú, má atreoraítear an gearán.

Chun iarracht a dhéanamh é seo a sheachaint, scríobhann m'oifig dhá litir faoi leith anois do ghearánaigh; seoltar an chéad litir thart ar 28 lá tar éis don ghearán a bheith curtha faoi bhráid phróiseas inmheánaigh Óglaigh na hÉireann ar dtús, ina ndeirtear leo gur féidir leis an ngearánach iarraidh ar an an OÓÉ an gearán a fhiosrú (Alt 4)2) den Acht 2004): Seoltar an dara litir thart ar 3 mhí sula dtéann an tréimhse 12 mhí in éag. Tugtar rabhadh ann - má tá an OÓÉ le fiosrúchán a sheoladh, ní mór don ghearánach an gearán a athreorú chuig an OÓÉ roimh an spriocdháta sin.

Cabhróidh na céimeanna seo chun cosc a chur ar an líon beag de chásanna ina atreoraítear gearáin chuig m'oifig lasmuigh de na tréimhsí teorainneacha reachtúla. In 2022, tháinig atreorú amháin ar a laghad go dtí m'oifig, nuair a fuair an gearánach "litir 28 lá", agus tháinig trí atreorú ar a laghad isteach de bhun na litreach meabhrúcháin 9 mhí. Bhain dhá cheann le NOC in 2021 agus ceann amháin le NOC a fuarthas in 2022. Sa chás sin, tharla an chúis gearáin beagnach bliain amháin roimhe sin, i mí Feabhra 2021.

In 2022, cuireadh críoch le 25 Tuarascáil imscrúdaithe, laghdú suntasach i gcomparáid le 2021 nuair a scríobhadh 36 Tuarascáil imscrúdaithe. Tá sé spéisiúil, áfach, go raibh ardú an-suntasach i líon na dTuarascálacha a críochnaíodh sna 4 chéad mhí i 2023 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2022. Bunaithe ar an treocht reatha, is dócha go sároidh líon na dTuarascálacha imscrúdaithe in 2023 líon na dtuarascálacha a críochnaíodh in 2021.

In 2022, cóipeáladh 54 Fógra Gearán do m'oifig, i gcomparáid le 106 sa bhliain roimhe sin, 2021

(agus i gcomparáid le 80 in 2020). I gcaitheamh na mblianta bíonn difríochtaí ann ó bhliain go bliain agus níl míniú soiléir air seo. D'fhéadfadh sé go raibh laghdú suntasach in 2022 (54 i comparáid le 64 in 2021) toisc nach raibh an oiread Comórtas Ardú Céime ann i ngach rang, i gcomparáid le 2021. Bíonn méadú ann i gcónaí ar líon na ngearán nuair a bhíonn Comórtais Árdú Céime ann. As na 54 Fógra Gearán a luadh thuas, faoi dheireadh 2022, cuireadh 7 díobh ar aghaidh chuig m'oifigse le haghaidh imscrúdaithe.

Staitistic suntasach eile ná go raibh 9 gearán ó iar-chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann in 2022 (36% de na himscrúduithe go léir in 2022), agus in 2021 ní raibh ach dhá cheann (nó 6% de na himscrúduithe go léir sa bhliain sin), agus in 2020 ní raibh ceann ar bith.

Maidir le hAtreoruithe Díreacha chuig m'oifig ó chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann atá ar seirbhís, bhí dhá cheann ann in 2021. Is dócha go bhfeicfear méadú air seo in 2023.

In 2022 d'fhreastail mé ar an 14ú Comhdháil Idirnáisiúnta d'Institiúidí Ombuds d'Fhórsaí Cosanta in Oslo, a thug le chéile Ionadaithe Ombuds Míleata ó gach cearn den domhan. Fóram luachmhar ba ea é chun saincheisteanna agus smaointe atá ábhartha don obair a dhéanann Ombudsman Míleata a phlé.

Am tráthúil a bhí ann don chomhdháil seo nuair a smaoinítear ar an méid duine atá tar éis bháis, idir shaoránaigh agus shaighdiúrí, san Úcráin agus an scrios uafásach a fheictear go laethúil sa nuacht, agus ag am ina bhfuil béim á cur ar chúrsaí cosanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Fuarthas 54 Fógra Gearán in 2022. Ba laghdú 49% é seo ar na 106 fógra a fuarthas in 2021.

Arís gabhaim buíochas leis an bhfoireann i m'oifig, triúr san iomlán. Is de bharr a ndíograis agus an obair chrua a dhéanann siad go raibh mé ábalta beagnach gach imscrúdú a chríochnú laistigh de roinnt seachtainí tar éis do m'oifig na hathreoruithe a fháil.. Buíochas freisin leis an Leifteanantghinearál Seán Clancy, Ceann Foirne, agus leis na fir agus mná in Óglaigh na hÉireann a raibh teagmháil agamsa agus le m'fhoireann leo in 2022, go háirithe pearsanra na hOifige Bainistíochta Casaoide, a bhí ina chuidiú mhór mar is gnáth.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas le Jacqui McCrum, Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta, agus leis an Aire Cosanta (a bhí an d'fhormhór na bliana 2022) Simon Coveney T.D. as an gcúnamh agus an tacaíocht a thug siad. Táim ag súil le bheith ag obair leis an Tánaiste agus an Aire Cosanta nua, Mr. Michaél Martin T.D. le linn na bliana reatha.

Alan Mahon
Ombudsman d'Óglaigh na hÉireann
28 Aibreán 2023

(i) **D'fhéadfadh an OÓÉ diúltú fiosrúchán a dhéanamh (nó moill a chur air) ag an gcéim 28 lá má dhealraíonn sé go bhféadfaí an cás a réiteach laistigh d'Óglaigh na hÉireann.**

Conas a sheolann an OÓÉ imscrúdú?

1. Níl aon dhá chás mar a chéile, mar sin seoltar gach imscrúdú ar bhealach a bhaineann le fíricí an ghearáin sin. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí imscrúdú atá críochnúil, cothrom agus éifeachtúil. Ní mór formhór na ngearán a fhiosrú go tapaidh ar mhaithe le cothromas, agus má tá éifeacht phraiticiúil le brath ó na moltaí a thugtar. Is gnách go mbíonn formhór na ngearán práinneach. Go minic, críochnaítear fiosrúchán agus eisítear Tuarascáil laistigh de sheachtainaí ó dháta an atreoraithe. Má thógann sé níos mó ama, is de bharr moille a bhí ann eolas nó doiciméid a sholáthar.

2. Tá an OÓÉ neamhspleách ar Óglaigh na hÉireann agus ar an Aire/Roinn Cosanta araon. Leagtar an neamhspleáchas seo síos go sonrach agus go soiléir i bhforálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

3. Ar dtús, agus atreorú á mheas aige, ní mór don OÓÉ cinneadh a dhéanamh an bhfuil dlínse aige ar an gcás nó nach bhfuil. Tá srianta ar dhlínse san Acht 2004, lena n-áirítear tréimhse teorainnach chun atreorú a dhéanamh. Fóráiltear in Alt 6 (3) den Acht 2004, go bhfuil 12 mhí ag gearánach chun gearán a chur ar aghaidh chuig an OÓÉ. (Níl aon spriocama i gceist le gearán a chur chuig Óglaigh na hÉireann le haghaidh imscrúdaithe). Tosaíonn an tréimhse teorainneach 12 mhí ar an dáta ar ar tharla an chúis gearáin, nó ar an dáta ar tháinig an gearánach ar an eolas faoi, cibé acu is déanaí.

   Níl aon discréid ag OÓÉ cur leis na tréimhsí teorainneacha seo.

4. Cuireann an OÓÉ comhad imscrúdaithe le chéile, lena n-áirítear sonraí an ghearáin, ráitis, lena n-áirítear ráitis finné, agus doicimeid ábhartha (DFR agus treoracha Riaracháin san áireamh).

   De ghnáth, iarrann an OÓÉ ar ÓÉ a sheasamh a lua maidir le liomhaintí áirithe agus iarrfaidh sé doiciméid cuí ó ÓÉ agus más cuí ón Roinn. Cuirtear doiciméid ábhartha ar fáil don OÓÉ a bhaineann le himscrúdú inmheánach an OÓÉ (má rinneadh a leithéid d'imscrúdú), lena n-áirítear cóipeanna de Thuarascálacha agus de Rialuithe déanta ag an Oifigeach Imscrúdaithe Míleata, ag an Oifigeach Ginearálta i gCeannas agus ag an gCeann Foirne.

   Go ginearálta, iarrann agus faigheann an OÓÉ eolas agus doiciméid ábhartha tríd an Oifig Bainistíochta Casaoide agus is mór an chabhair iad i gcónaí. Nuair a líomhnaítear gur tharla éagóir phearsanta, ig gnách an duine sin a chur ar an eolas agus deis a thabhairt dó/di freagairt ar an líomhain.

5. Den chuid is mó, ní gá gearánach nó finné a chur faoi agallamh go pearsanta, ach uaireanta, tarlaíonn a leithéid d'agallaimh.

6. Nuair a chríochnaíonn an OÓÉ imscrúdú, eisíonn sé Tuarascáil ina mbeidh a chuid cinntí agus más cuí, moltaí. Cuirtear na moltaí faoi bhráid an Aire Cosanta. In am agus i dtráth, admhaíonn an tAire go bhfuarthas an Tuarascáil agus cuireann sé/sí in iúl go nglacann sé/sí le Moladh nó nach nglacann. Go dtí seo, ghlac an tAire le formhór mór na Moltaí atá déanta ag an OÓÉ.

Cé ar féidir leis gearán a atreorú chuig an OÓÉ

7. San Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 líostaítear na catagóirí gearán ar féidir a athreorú chuig an OÓÉ. Ní féidir ach le comhaltaí reatha nó iar-chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann gearán a athreorú chuig an OÓÉ. Is féidir le comhaltaí ar seirbhís úsáid a bhaint as an bpróiseas imscrúdaithe inmheánach atá ag ÓÉ (Alt 114 den Acht Cosanta 1954, Leasú) agus mura bhfuil siad sásta le toradh an phróisis sin, is féidir leo an gearán a tharchur chuig an OÓÉ nó a mhalairt air sin, é a chur chuig an OÓÉ go díreach.

Ní mór d'-iar-chomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a ngearán a chur ar aghaidh go díreach chuig an OÓÉ.

De bharr achtaithe an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, Alt 20, is féidir leis an OÓÉ fiosrúchán a dhéanamh má líomhnaítear gur tharla píonósú tar éis do chomhalta d'Óglaigh na hÉireann nochtadh cosanta a dhéanamh.

Cé a fhaigheann Tuarascáil an OÓÉ?

8. Is iad príomhfhaighteoirí Tuarascáil imscrúdaithe ón OÓÉ ná an gearánach agus an tAire Cosanta. Tugtar cóip freisin don Cheann Foirne, do OGC an ghearánaigh mar aon leis an OBS. Seachas sin, tá an Tuarascáil faoi rún.

Achomharc

9. Níl aon phróiseas achomhairc ar fáil do ghearánach nuair a fhaightear Tuarascáil ón OÓE.

10. Ó thaobh na praitiúlachta de, áfach, déanfaidh an OÓÉ athbhreithniú ar a Thuarascáil, agus má fhaightear aighneacht scríofa ó ghearánach nó ó pháirtí leasmhar eile, déanfaidh sé an Tuarascáil a leasú nó a athrú, más cuí. Tarlaíonn sé seo ó am go ham sa chás go soláthraítear eolas nua don OÓÉ, nó más amhlaidh go bhfuarthas earráidí nó botúin sa Tuarascáil.

2 Buaicphointí 2022

Fuarthas **54 Fógra Gearán** in 2022. Ba laghdú 49% ar an 106 fógra a fuarthas in 2021.
Gintear Fógra Gearáin nuair a chuirtear gearán faoi bhráid Óglaigh na hÉireann agus cuirtear cóip chuig OÓÉ. Ní chuirfear tús le himscrúdú iomlán ón OÓÉ ach amháin mura ndéantar an gearán a réiteach (nó a tharraingt siar) le linn phróiseas imscrúdaithe inmheánaigh. Mar sin, ní éilíonn an OÓÉ imscrúdú ar fhormhór mór na bhFograí Gearán.

As na 54 Fógra Gearán a fuarthas, bhain

49

Cinn le Príobháideacha agus NCOanna agus

5

le hOifigigh.

Atreoraíodh **11 cás** go díreach chuig OÓÉ le haghaidh imscrúdaithe.
D'fhéadfadh Atreoruithe Díreacha teacht ó Chomhaltaí Ar Seirbhís agus ó Chomhaltaí Ar Scor. Is féidir le Comhaltaí Ar Seirbhís Atreorú Díreach a dhéanamh mura mian leo, as cúiseanna áirithe, dul tríd phróiseas inmheánach Óglaigh na hÉireann. Ní mór do Chomhaltaí ar Scor Atreorú Díreach chuig OÓÉ a dhéanamh.
As na 11 Atreorú Díreach a rinneadh chuig OÓÉ, tháinig 9 gcinn ó Chomhaltaí ar Seirbhís agus 2 ó Chomhaltaí ar Seirbhís.

ATREORAÍODH 19 CÁS NUA

chuig OÓÉ le haghaidh imscrúdaithe iomlán in 2022. Sin laghdú 44% ar na 34 cás nua a tarchuireadh chuig OÓÉ in 2021. Ó Eanáir go hAibreán na bliana 2023, áfach, chonacthas méadú suntasach i líon na n-athreoruithe.

Bhí

28 cases,

lena n-áirítear tarchuir roimh 2022, faoi athbhreithniú ag an OÓÉ le linn 2022.

Eisíodh 25

Tuarascáil in 2022. Is **laghdú 30%** é seo (ar na 36 Tuarascáil a eisíodh in 2021) i líon na gcásanna a thug an OÓÉ chun críche in 2022 i gcomparáid le 2021. In the frst four months of 2023 Eisíodh 19 Tuarascáil, rud a léiríonn go mbeidh méadú suntasach in 2023 ar líon iomlán na n-imscrúduithe críochnaithe i gcomparáid le 2022, agus is dócha, le 2021.

3 Anailís ar Ghearáin agus ar Atreoruithe - 2022

Fógraí Gearáin nua a fuarthas in 2022

Fuair m'oifig 54 Fógra Gearáin nua ó Óglaigh na hÉireann in 2022. Is laghdú 49% é seo ar na 106 gearán a cuireadh in iúl do m'oifig in 2021. As na gearáin sin, tháinig, 49 ó phearsanra ar seirbhís i gcéimeanna eile agus tháinig 5 as oifigigh choimisiúnaithe ar seirbhís.

As na Fógraí Gearáin a fuarthas in 2022, tarraingíodh siar 6 cinn nó réitíodh iad le linn na bliana, agus cuireadh 4 cinn ar aghaidh chuig an OÓÉ le haghaidh imscrúdaithe.

Bhí go leor teagmhálacha díreacha ann freisin idir an ODF agus na hÚdaráis Mhíleata agus comhaltaí aonair maidir le cásanna aonair, áfach, ní dhéantar teagmhálacha den sórt sin a thaifeadadh chun críocha staidrimh.

Athreoruithe a fuarthas roimh 2022 Fógraí Gearáin

Fuarthas 9 atreorú ó roimh 2022 sa oifig seo. Bhíothas i mbun scrúdaithe iomlán a dhéanamh orthu agus rinneadh Tuarascáil Críochnaitheach ina leith.

Atreoruithe Díreacha chuig OÓÉ

Is féidir le comhaltaí ar seirbhís de na Buan-Óglaigh agus de na Fórsaí Cúltaca (agus de ghnáth) a ngearáin a phróiseáil ar dtús tríd an nós imeachta reachtúil (Alt 114 den Acht Cosanta 1954) Sásamh Éagóracha agus an próiseas inmheánach Óglaigh na hÉireann a sceite sula ndéanann siad a ngearán a chur faoi bhráid na hOifige seo, ach déanann siad. i dteideal iad a tharchur go díreach chuig an ODF. Tá sé de bhuntáiste ag baint úsáide as an gcóras imscrúdaithe DF inmheánach go réitítear gearán go luath. Ní mór d'iarchomhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a ngearáin a tharchur go díreach chuig an Oifig seo, faoi réir fhorálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

In 2022, cuireadh 11 Atreorú Díreach ar aghaidh chuig an Oifig seo ag comhaltí ar seirbhís agus iar-chomhaltaí. Tháinig 2 as na gearáin seo ó Chomhaltaí ar Seirbhís agus 9 ó Iar-Chomhaltaí.

Cásanna a ndearna OÓÉ athbhreithniú orthu in 2022

Ba é 28 líon iomlán na gcásanna a rinne an Oifig seo athbhreithniú orthu. Astu seo, tugadh 25 cás chun críche in 2022 agus bhí 3 cás fós faoi athbhreithniú ar 31 Nollaig 2022, agus tugadh ar aghaidh iad seo lena mbreithniú go 2023.

Sonraí na nGearán a ndearna OÓÉ imscrúdú orthu in 2021

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas cineál na ngearán a bhreithnigh an Oifig seo le linn 2021, mar aon le sonraí ar ghearáin de réir foirmiú míleata. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gclúdaíonn gearáin a rangaítear mar 'Míriarachán' éagsúlacht saincheisteanna lena n-áirítear gearáin maidir le measúnú feidhmíochta agus saincheisteanna a bhaineann le méid urscaoilte eile. Áirítear le gearáin a chatagóirítear mar 'Saincheisteanna Idirphearsanta' iad siúd ina ndealraíonn sé go bhfuil gnéithe de choimhlint phearsantachta agus/nó líomhaintí maidir le hiompar míchuí nó bulaíocht.

Cásanna iomlána

Leagann an tábla a leanas amch dul chun cinn na 28 cás le linn 2022 –

Réamh-imscrúdú Leanúnach	Cásanna a Críochnaíodh agus an Tuarascáil Deiridh Eisithe	Réamhthuarascálacha Eisithe
3	25	0

Cásanna trí Fhoirmiú Míleata

As na 28 cás a imscrúdaíodh, tugadh 25 díobh chun críche i rith na bliana, agus tugadh 3 chás ar aghaidh go dtí 2023.

Feictear sa tábla thíos líon na gcásanna a tháinig chun cinn i ngach Foirmiú Míleata agus iad siúd a fuarthas ó Chomhaltaí ar Scor.

1 Briogáid	2 Briogáid	Ceanncheathrú Óglaigh na hÉireann	Ionad Traenála Óglaigh na hÉireann	an tAerchór	An tSeirbhís Chabhlaigh	Iomlán	1 Briogáid
1	10	0	2	6	0	9	28

Nádúr na gCásanna

Is féidir cineál na gcásanna idir lámha leis an OÓÉ le linn 2022 a bhriseadh síos sna catagóirí leathana seo a leanas –

Míriarachán	Neamh-Roghnú le haghaidh Arduithe Céime	Neamh- Roghnú do Chúrsa Céime	Saincheisteanna Idirphearsanta	Iomlán
13	5	2	8	28

Sonraí na gCásanna trí Fhoirmiú

Leagann na táblaí agus na cairteacha seo a leanas amach cineál na gcásanna a bhí idir lámha le linn 2022 ag Foirmíochtaí Míleata aonair –

1 Brigade – (1)

Míriarachán	Neamh-Roghnú le haghaidh Arduithe Céime	Neamh-Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhíse Thar Lear nó Postáil ar Leith
Náid	1	Náid	Náid	Náid

2 Briogáid – (10)

Míriarachán	Neamh-Roghnú le haghaidh Arduithe Céime	Neamh-Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhíse Thar Lear nó Postáil ar Leith
6	1	1	2	Náid

Ionad Traenála Óglaigh na hÉireann – (2)

Mí riarachán	Neamh-Roghnú le haghaidh Arduithe Céime	Neamh-Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhíse Thar Lear nó Postáil ar Leith
1	Náid	Náid	1	Náid

An tAerchór – (6)

Míriarachán	Neamh-Roghnú le haghaidh Arduithe Céime	Neamh-Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhíse Thar Lear nó Postáil ar Leith
2	3	1	Náid	Náid

Comhaltaí ar Scor – (9)

Míriarachán	Neamh-Roghnú le haghaidh Arduithe Céime	Neamh-Roghnú do Chúrsa Gairme	Saincheisteanna Idirphearsanta	Neamhroghnú le haghaidh Seirbhíse Thar Lear nó Postáil ar Leith
4	Náid	Náid	5	Náid

Gearáin arna nImscrúdú agus arna dTuairisciú ag an OÓÉ in 2022

Seasadh leis an ngearán nó sheas an ODF i bpáirt leis**	Gearán Gan Seasamh ag an ODF *
11	14

* Áirítear leis seo gearáin lasmuigh de théarmaí tagartha an ODF.
** Is gearáin iad gearáin a seasadh go páirteach iontu nár sheas an ODF le cás an Ghearánaí ina iomláine agus cásanna nár seasadh leis an ngearán ach rinneadh moladh mar sin féin.

Moltaí an OÓÉ don Aire in 2022

Glacann an tAire	Ní ghlacann an tAire
4*	Náid

*Áirítear leis seo tuarascálacha a eisíodh in 2021 a ndearna an tAire breithniú orthu in 2022

Moltaí a rinne an OÓÉ in 2022

LÍON MOLTAÍ (de bhun Alt 7(3) d'Acht 2004) i dTuarascálacha a tugadh chun críche in 2021: **15**

Fonótaí:
* ní gá go ndéanfaí moltaí i ngach Tuarascáil ón ODF.
* d'fhéadfaí níos mó ná moladh amháin a dhéanamh i roinnt Tuarascálacha ODF.
* de ghnáth bíonn moill shuntasach, ar chúiseanna éagsúla, i bhfógra don ODF maidir le glacadh nó diúltú molta ón Aire, agus mar sin ní bheidh an méid glactha/diúltaithe ó mholtaí a rinneadh i mbliain ar leith iomlán le feiceáil roimh dháta foilsithe na Tuarascála Bliantúla don bhliain áirithe sin.

As na 54 Gearán a fuarthas, bhain 49 le Saighdiúirí Singile agus le hOifigigh Neamhchoimisiúnaithe.

Atreoraíodh 11 gearán go díreach chuig an OÓÉ le haghaidh imscrúdaithe. Is féidir le Comhaltaí ar Seribhís nó le hIar-Chomhaltaí atreorú díreach a dhéanamh.

5 Achoimre ar Chásanna

Leagtar amach thíos achoimrí ar rogha cásanna a rinne an tOmbudsman d'Óglaigh na hÉireann imscrúdú orthu le linn 2022. Léiríonn siad na cineálacha cásanna a imscrúdaíodh, ach níl siad uileghabhálach ar na hábhair a clúdaíodh sna himscrúduithe ar fad a rinneadh. Is gá gur fágadh roinnt achoimrí cásanna suimiúla ar lár ar mhaithe le rúndacht.

Achoimre ar Chás 1

CÚRSA TÁSTÁLA TIOMÁNA – baineadh an gearánach ón gcúrsa roimh dheireadh an chúrsa i ndiaidh líomhain go raibh sé As Láthair gan Chead (ALGC) – líomhain gur déileáladh níos fabhraí le mic léinn eile ar an gcúrsa – líomhain gur sheol an gearánach téacs a bhí míchuí. Seasadh leis an ngearán den chuid is mó.

Líomhain an gearánach gur baineadh go héagórach é ó Chúrsa Tástálaí Tiomána mar go raibh sé As Láthair Gan Chead (ALGC), go ndearna sé neamhaird d'ordú dlíthiúil, agus gur sheol sé teachtaireacht téacs le comhghleacaí sinsearach a bhí "bagrach".

Cháin an gearánach freisin an bealach inar sheol oifigeach sinsearach an t-imscrúdú, agus gur seoladh Tuarascáil faoin imscrúdú sin chuig a Oifigeach Ginearálta i gCeannas (OGC) ach nár tugadh an deis dó í a fheiceáil ná freagra a thabhairt, agus nár chuir an t-oifigeach imscrúdaithe faoi agallamh é.

Cuireadh in iúl freisin don ghearánach go gcúiseofaí go foirméalta é, ach ocht mhí ina dhiaidh sin, níor cúisíodh fós é.

Bhain an ALGC le tráthnóna amháin as cúrsa a mhair (thart ar) trí seachtaine. Ar dtús, bhí saoire bhliantúil iarrtha ag an ngearánach ar feadh tréimhse dhá lá chun freastail ar imeacht teaghlaigh tábhachtaigh, agus thuig sé gur ceadaíodh an t-iarratas seo. Ina dhiaidh sin, athraíodh an doiciméad AF 118 - d'áitigh an gearánach go ndearnadh é seo i ngan fhios dó – ó dhá lá go dtí saoire lá go leith, Glacadh leis gur athraíodh an doiciméad saoire (ó 2 lá go dtí 1.5 lá) ach nár cuireadh é seo in iúl don ghearánach. Toisc nach raibh a fhios aige gur laghdaíodh an tréimhse saoire, níor fhill an gearánach ar an gcúrsa go dtí go raibh 2 lá saoire caite go hiomlán. Marcáladh go raibh sé ALGC don dara tráthnóna. Bhí ionadh ar an ngearánach nach ndearnadh teagmháil leis le linn an dara tráthnóna chun a sheiceáil cá raibh sé nuair a bhí na hoifigigh os a chionn den tuairim gur chóir dó a bheith ar ais ar an gcúrsa, ach chreid sé féin go raibh sé fós ar saoire. Bhí a uimhir fón póca acu. Toisc gur chaill sé leath lá, baineadh an gearánach den chúrsa.

Sheas an Ceann Foirne (ag an am) leis an gcinneadh, an gearánach a bhaint den chúrsa mar dúirt sé nár chomhlíon sé na coinníollacha saoire.

Maíodh go raibh sa téacs "bagrach" a scríobh an gearánach chuig comhghleacaí sinsearach ná "iarracht achrann pearsanta a thósú an mhaidin dar gcionn". D'iarr an gearánach sa téacs go seiceálfaí an t-iarratas ar saoire a bhí déanta go hoifigiúil ag an ngearánach. Líomhnaíodh freisin gur seoladh an téacs chuig comhghleacaí sinsearach ag am a bhí déanach agus míchuí (i.e. 9:40).

Sheas an OÓÉ leis an ngearán. Ina thuarascáil dúirt sé an méid a leanas: -

1. (Ag cur san áireamh go raibh coimhlint ann maidir leis an tréimhse saoire iarbhír a lorgaíodh agus a ceadaíodh don ghearánach):

   Cé nach féidir an choimhlint fianaise seo a réiteach go cinnte, ní dócha go mbeadh ONC, a bhfuil taithí na mblianta fada aige, as láthair gan chead ón obair, agus go háirithe i gcúinsí a bhféadfaí a fhiosrú go héasca agus gan mhoill, agus ag cur san áireamh an píonós a ghearrfaí air, lena n-áirítear an riosca nach mbeadh ar a chumas an cúrsa a chríochnú, rud a bhí an0-tábhachatach dá ghairm

bheatha.

2. Ar (dáta áirithe), de réir a Dhialann Oiliúna, ”d’éirigh leis an ngearánach sa scrúdú scríofa agus is féidir leis dul ar aghaidh chuig an measúnú praiticiúil.”

   Is féidir a thuiscint ón iontráil seo sa Dialann nach measfaí gur bac mór é gur chaill sé 4.5 uair an lá roimhe sin agus go mbeadh sé ag leanúint ar aghaidh ar an gcúrsa. I gcás ar bith, dá mba rud é go raibh sé chomh tábhachtach sin gur chaill sé 4.5 uair den chúrsa, bheadh sé sin le feiceáil nuair a dhéanfaí an measúnú éigeantach sceidealaithe.

3. San iontráil a rinneadh sa Dialann Oiliúna ar (dáta áirithe) (comhsínithe ag (oifigeach ainmnithe) go raibh an gearánach á chur ar fionraí ón gcúrsa *“ag brath ar thoradh imscrúdaithe maidir le bheith as láthair ar (dáta áirithe)”*. Críochnaíodh an Tuarascáil ar an Imscrúdú sin ar an dáta céanna (dáta áirithe) agus cuireadh ar aghaidh láithreach í chuig GOC DFTC. Tá an gearánach cinnte, áfach, nár cuireadh faoi agallamh é mar chuid den Imscrúdú sin. Ní bhfuair sé cóip den Tuarascáil Imscrúdaithe críochnaithe ach an oiread agus níor tugadh an deis dó freagairt ar na torthaí fíordhiúltacha seo. Táim sásta mar sin nach raibh an tImscrúdú seo cuimsitheach ná cóir. Mar chuid d’Imscrúdú a sheoltar i gceart, ba chóir ar mhaithe leis an gceartas aiceanta agallamh pearsanta, ar a laghad, a reáchtáil leis an duine atá á fhiosrú, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh an drochthoradh a d’fhéadfadh a bheith ann don ghearánach. Ba chóir freisin an tuarascáil agus torthaí na tuarascála a chur ar fáil dó, agus ar dheireadh, ba chóir deis a thabhairt don ghearánach freagairt ar an tuarascáil i scríbhinn.

4. Chuir oifigigh shinsearacha an ghearánaigh in iúl dó go gairid i ndiaidh an imeachta a tharla ar (dáta áirithe) go mbeadh sé á chúiseamh. (Gan sonraí ach is dócha de bharr bheith ALGC).

   Dúradh le déanaí fiú (dáta áirithe) go raibh na cúisimh seo á “bpróiseáil”. Ag an am seo, (8 mí i ndiaidh na n-imeachtaí), níor cúisíodh an gearánach. Do chomhalta d’ÓÉ, is údar mór imní é a bheith ag feitheamh ar chúisimh, agus é ráite arís agus arís eile go mbeidh na cúisimh seo ag teacht, de bharr an phíonóis a bhaineann leis seo mar aon leis an éifeacht dhiúltach a d’fhéadfadh a bheith ar gharim bheatha agus ar thaifead gairme an duine sin. Bhí sé mícheart go raibh ar an ngearánach tréimhse chomh fada sin a chaitheamh ag feitheamh air seo (agus tá sé fós ag feitheamh).

5. Níor ghlac an OÓÉ leis go raibh an téacs a chuir an gearánach chuig (oifigeach sinsearach neamhchoimisiúnaithe) míchuí ná go raibh sé bagrach. Dúradh leis an ngearánach agus leis na mic léinn eile ar an gcéad lá den chúrsa, gurbh eisean an t-oifigeach sinsearach neamhchoimisiúnaithe i gceannas ar an gcúrsa agus go mba chóir teagmháil a dheanamh leis dá mba rud é go raibh saincheisteanna le plé. Níor ghlac an OÓÉ leis gur seoladh an teács ag am a bhí ródhéanach, cé go raibh sé lasmuigh de ghnáhuaireanta oifige.

Mhol an OÓÉ *“go dtabharfaí deis don ghearánach, a luaithe is féidir, clárú ar Chúrsa Tástála Tiománaí eile, agus go n-áireofaí na modúil den chúrsa a bhí críochnaithe aige cheana féin.”*

Achoimre ar Chás 2

Iliomad gearán ó shaighdiúir a scaoileadh le déanaí agus a bhfuil taifead seirbhíse fada aige – Sheas an OÓÉ leis an gcuid is mó díobh.

Chuir an gearánach seo móran gearán isteach, 23 san iomlán. Bhí baint ag roinnt acu lena chéile.

Mar thoradh ar an imscrúdú inmheánach a rinne ÓÉ ar na gearáin seo, cuireadh le chéile Tuarascáil 76 leathanach a bhí cuimsitheach agus a raibh mórán oibre ag baint leis ó thaobh an Oifigigh Imscrúdaithe Míleata a bhí ceaptha chun é a dhéanamh.

Dhiúltaigh an tOifigeach Imscrúdaithe Míleata do na 23 gearán, áfach.

Chlúdaigh na gearáin mórán topaicí, lena n-áirítear clúmhilleadh, scaoileadh ó ÓÉ, claonadh líomhnaithe ó oifigeach leighis sinsearaigh, saoire bhreoiteachta, iallach aghaidhmhasc a chaitheamh agus an méid a bhí in AF 667bs.

Ghlac an OÓÉ le móran de na gearáin a chuir an gearánach isteach. Rinne sé achoimre ar a thorthaí sna téarmaí a leanas: -

- (i) Bhí an t-imscrúdú seo fada agus casta. Iarradh agus soláthraíodh eolas breise suntasach ón ngearanach, ó (oifigeach ainmnithe), agus ó oifigeach leighis ainmnithe), agus táim buíoch díobh.
- (ii) Tá mé sásta go ndearnach éagóir ar an ngearánach maidir le roinnt saincheisteanna, lena n-áirítear:
- Níor ceadaíodh saoire bhreoiteachta dó go tráthúil cé go raibh sé seo molta ag Oifigeach Leighis mar dúradh go mbeadh air a bheith i láthair go pearsanta lena oifigigh shinsearacha chun go gceadódh siad saoire bhreoiteachta cé nach raibh sé riachtanach a bheith i láthair.
- Ba í an phríomhchúis a bhí taobh thiar den pharáid seo ná chun a chur in iúl don ghearánach go n-atreorófaí an cás chuig an Bord Leighis, agus ní chun saoire bhreoiteachta a cheadú. Níor glacadh leis an rogha, a bhí molta ag (oifigeach ainmnithe), teagmháil a dhéanamh leis an ngearánach ar an bhfón mar gheall ar COVID-19.

- Bhí sé míchuí agus míchothrom gur marcáladh go raibh an gearánach As Láthair Gan Chead faoi mar a bhí cúrsaí. Is léir gurbh í an chuspóir a bhí taobh thiar de ná brú a chur ar an ngearánach bheith i láthair go pearsanta lena hoifigh shinsearacha chun go gcuirfí in iúl dó go raibh an cás á chur ar aghaidh chuig Bord Leighis. Toisc gur marcáladh go raibh sé As Láthair Gan Chead, cuireadh stop le pá an ghearánaigh ar feadh tréimhse ama agus bhí air airgead a fháil ar iasacht ó ghaolta leis chun airgead a sholáthar dá theaghlach.
- Rinneadh cinneadh an gearánach a hionchúiseamh nuair a d'fhill sé ar an gcéad lá ar bhonn céimnithe agus chun dualgais éadroma a dhéanamh. Ní raibh an cinneadh riachtanach agus bhí sé míchothrom i bhfianaise an ríomhphoist a fuarthas ó (oifigeach leighis ainmnithe) chuig (oifigeach ainmnithe) ar (dháta áirithe), agus an tuairim a bhí nochta ag (Oifigeach Neamhchoimisiúinaithe sinsearach ainmnithe) i ríomhphost a scríobh sé ar (dáta áirithe) chuig (oifigeach leighis ainmnithe).
- Bhí sé míchothrom nár tugadh an deis don ghearánach tuairimí diúltacha a léamh agus a fhreagairt a bhí ar a AF 667, go háirithe nuair a bhí sé soiléir go mbeadh tionchar diúltach aigeseo air i gcomhthéacs na gcinntí a bhí le déanamh maidir lena sheirbhís amach anseo in Óglaigh na hÉireann.
- Bhí sé mícheart gur crochadh suas fógra agus grianghaf sa (láthair áirithe) agus ina raibh an gearánach le feiceáil go soiléir leis an aidhm náire a chur air.
- Níl aon dabht gur chomhlíon roinnt de na cinntí a tógadh maidir leis an ngearánach na Rialacháin, mar aon le Treoracha Riaracháin agus an cleachtas seanbhunaithe, agus ní mór a aithint go raibh deacrachtaí bainistíochta ag baint le cás an ghearánaigh ó thaobh AD de. Mar sin féin, feictar dúinn go mba chóir déileáil leis an ngearánach le comhbhá agus ionbhá ós rud é go raibh céim Oifigeach Neamhchoimisiúnaithe sinseartha bainte amach aige agus bhí sé dílis d'ÓÉ le linn na 20 bliain a bhí caite aige ann, go háirithe i bhfianaise na ndeacrachtaí sláinte a bhí aige in 2019 agus 2020. B'údar imní faoi leith é gur marcáladh go raibh sé As Láthair Gan Chead agus gur chaill sé ioncam dá bharr, go raibh deifir ann é a chúiseamh, agus nár ligeadh dó freagairt ar na Tuarascálacha an-diúltacha sna AF 667, agus gur crochadh suas grianghraf agus sonraí pearsanta in (láthair áirithe). Táim sásta, cé nach raibh a shonraí leighis ar eolas ach ag foireann leighis ÓÉ agus nár cuireadh in iúl go míchuí iad d'aon tríú páirtí, bhí a fhios ag gach duine in aonad an ghearánaigh go raibh fadhbanna sláinte faoi leith aige le linn na tréimhse seo agus go raibh cóireáil faoi leith á chur air.

Achoimre ar Chás 3

Moill ar Ardú Céime san Aerchór – Caillteanas ioncaim agus pinsin, caillteanas sinsearachta. Fadhb dlínse do OÓÉ. – Níor seasadh leis an ngearán.

Rinne beirt oifigeach sóisearach gearán go mba chóir dóibh ardú céime a fháil 9 mí roimh dóibh an gearán a chur isteach. Bhí tionchar diúltach aigeseo ar a bpá, a bpinsean agus ar ardú céime toisc nár ardaíodh iad.

Fuair an MIO a ceapadh gur shínigh an DCOS Sp (ag an am) an t-ionstraim ardú céime riachtanach ag an am cuí, agus gur chuir sé ar aghaidh é chuig an Roinn Cosanta mar is gnáth. Dúirt GOG AC ina Tuarascáil dar dáta 12 Samhain 2021:-

> *"Tá an páipéarachas fós leis an Roinn Cosanta. Bhí an Brainse Réiteach agus Eadráin mar aon le foireann an J1 tríd an ACHO i dteagmháil an t-am go léir leis an Roinn Cosanta mar gheall ar an tsaincheist seo agus tá súil agam go dtabharfar chun críche é ar bhealach sásúil go luath."*

Chinn an OÓÉ gur ag an Aire Cosanta atá an chumhacht ardú céime a bhronnadh, agus ní cheadaíonn forálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 dó, an cinneadh atá déanta ag an Aire a fhiosrú maidir le moill a chur ar ardú céime nó é a chur siar, nó gan ardú céime a bhronnadh, cibé cé acu.

Dúirt an OÓÉ an méid a leanas ina Thuarascáil: -

- Is ag an Aire Cosanta atá an ceart pearsanra a ardú laistigh d'ÓÉ. Tá mo dhlínse, mar Ombudsman d'Óglaigh an hÉireann, faoi réir fhorálacha an Achta Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004, agus go háirithe, (i gcomhthéacs na ngearán seo), Alt 6(1) den Acht sin, ina ndeirtear:-

  "(1) Féadfaidh comhalta fónamh d'Óglaigh na hÉireann, faoi réir an Achta seo, gearán a dhéanamh leis an Ombudsman i dtaobh caingean má rinne sé difear don chomhalta sin agus má rinne nó thar ceann-

  (a) Comhalta fónamh eile d'Óglaigh na hÉireann,

  (b) Iarchomhalta d'Óglaigh na hÉireann le linn dó nó di bheith ina chomhatla nó ina comhalta ar seirbhís d'Óglaigh na hÉireann, nó

  (c) státseirbhíseach."

  (Is amhlaidh d'fho-alt (2), ach baineann sé le hiarchomhaltaí dÓÉ).
- Theastaigh ó ÓÉ go dtabharfaí ardú céime do na gearánaigh, agus de réir dealraimh, cuireadh ar aghaidh na doiciméid cuí chuig an Roinn Cosanta anuraidh chun tacú leis an iarratas. Mar sin, níl ÓÉ freagrach as an moill ardú céime a thabhairt do na gearánaigh.
- Tuigtear ó litir a scríobh Rúnaí Cúnta na Roinne ar 4 Márta 2022 go bhfuil an próiseas ar bun chun an t-ardú céime a chur i bhfeidhm agus go bhfuil sé beagnach i gcrích. Táthar ag súil go gcuirfear ardú céime na beirte i fheidhm gan mhoill, agus go bhféachfar le comhbhá ar an tsaincheist iad a shiardhátú ó 23 Márta 2021.

Ina dhiaidh sin, chuir an tAire in iúl don OÓÉ gur tugadh ardú céime do na gearánaigh, agus gur siardátaíodh iad go cuí.

Cé nár sheas an OÓÉ leis na gearáin sa chás seo, baineadh toradh sásúil amach do na gearánaigh ar deireadh.

Achoimre ar Chás 4

Sáirsint ar Scor – Ina Chónaí Thar Lear – deacracht leis an bhFoirm Dhearbhaithe Pinsin a chomhlánú dhá uair sa bhliain. – Seasadh leis an ngearán.

Tá an t-iarchomhalta d'ÓÉ ina chónaí sa Spáinn. Ní mór dó Foirm Dhearbhaithe Pinsin a chomhlánú dhá uair sa bhliain don Roinnt Cosanta chun a chinntiú go níocfar a phinsean leis. Ní mór an Foirm Dhearbhaithe Pinsin a shíniú os comhair duine aonair a bhfuil oifig nó cáilíocht speisialta aige (e.g. dochtúir, póilín, giúistís, dlíodóir, nótaire etc.), agus atá lonnaithe sa tír iasachta, sa chás seo an Spáinn.

Níl an Fhoirm Dhearbhaithe Pinsin ar fáil ach i mBéarla nó i nGaeilge. Tháinig fadhb phraiticiúil thromchúiseach chun cinn don ghearánach mar d'éiligh na daoine sa Spáinn atá cáilithe chun an Fhoirm Dhearbhaithe Pinsin a fhianú agus a shíniú go mbeadh an fhoirm aistrithe go Spáinnis as seo amach nó ní dhéanfaí í a fhianú.

Ní raibh na hÚdaráis Éireannacha ar an eolas maidir le deacrachtaí mar sin a bhí ag pinsinéirí Éireannacha ina gcónaí sa Spáinn, agus i dtíortha eile. Dúradar gurbh é an cleachtas seanbhunaithe go soláthrófaí an fhoirm i mBéarla nó i nGaeilge.

D'iarr an gearánach go gcuirfí an fhoirm ar fáil sa Spáinnis ach níor éirigh leis é sin a bhaint amach.

Bhí an OÓÉ sásta go raibh dlínse aige chun an gearán seo a fhiosrú faoi na hAilt 6 (2) (v), 6 (3) (b) agus 4 (2) (a) agus (b) agus (viii) den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004.

Fuair an OÓÉ i bhfabhar an ghearánaigh mar seo a leanas:

- Bhí sé sothuigthe agus intuartha go ndiúltódh saoránaigh agus oifigigh sa Spáinn leagan Béarla den Fhoirm Dhearbhaithe Pinsin a fhianú agus a shíniú gan a bheith líofa sa Bhéarla. Lena chois sin, is cion coiriúil é de réir fo-alt 5(2) den Acht Leithreasa 1962, dearbhú a dhéanamh nuair is fios nach bhfuil sé fíor. Mar sin, bhí drogall ar na daoine sa Spáinn doiciméad a shíniú i dteanga nach raibh líofacht acu inti.

- Tá Éire ina ball den AE mar aon leis an Spáinn. Tá 24 teanga 'oifigiúil' ag an AE, Béarla, Gaeilge agus Spáinnis san áireamh. Is í an Spáinn (seachas Éire) an tír ina bhfuil an líon is mó pinsinéirí Éireannacha.

- Mheas an OÓÉ gur iarratas réasúnta a bhí ann nuair a d'iarr an gearánach go gcuirfí Foirm Dhearbhaithe Pinsin ar fáil i Spáinnis in éineacht le haistriúchán i mBéarla, d'ainneoin an chostais a bheadh ag gabháil leis don Roinn. Mar sin féin, is dócha gur impleachtaí aon uaire a bheadh i gceist agus mar sin ní bheadh mórán costais ná impleachtaí praiticiúla ag gabháil leo.

Mhol an ÓÓÉ go gcuirfeadh Rannóg Pinsin na Roinne Foirm Dhearbhaithe Pinsin ar fáil do phinsinéirí ina gcónaí sa Spáinnis nuair a iarrtar é, agus freisin go mbeadh an fhoirm ar fáil in aon cheann de na 24 teanga 'oifigiúil' eile den AE (Béarla agus Gaeilge san áireamh) nuair a iarrtar é.

Sheas an OÓÉ leis an ngearán seo.

> **Cuireadh 19 cás nua ar aghaidh chuig an OÓÉ le haghaidh imscrúdaithe iomlán in 2022. Is laghdú 44% é seo ar na 34 cás nua a atreoraíodh in 2021.**

Achoimre ar Chás 5

Ardú Céime – Atreorú díreach déanta ag Comhalta d'ÓÉ ar seirbhís chuig an OÓÉ – Níor tugadh ardú céime dó de bharr moladh ón COS – Cúiseamh ar feitheamh – Níor seasadh leis an ngearán

Mhaígh an gearánach gur cuireadh cosc ar a ardú céime nuair a dhiúltaigh an COS é a mholadh "ag an am seo" mar gheall ar chúiseanna a bhain le cionta líomhnaithe (shéan an gearánach na cúiseanna seo go láidir) a bhí fós le réiteach.

Bhí saincheist ann maidir leis an údarás a bhí ag an COS é a dhiúltú don ardú céime, agus forálacha Rialacháin A.15 Óglaigh na hÉireann.

Sa chumarsáid a chuir an COS chuig an ngearánach inar chuir sé in iúl an cinneadh a bhí déanta (gan é a mholadh don ardú céime), bhí sé soiléir go raibh an COS ag caint "faoin am seo", agus go mbeadh an deimhniú seo faoi réir athbhreithnithe an údaráis ábhartha ar na cúiseanna seo".

Dúradh leis an OÓÉ thar ceann an ghearánaigh go raibh "claonadh nó leithcheal" ag baint leis an gcinneadh, go raibh "toimhde na neamhchiontachta ann faoin mBunreacht", agus go raibh sé seo á shéanadh.

Dúirt an COS go raibh an gearánach ina údar fiosrúcháin mar gheall ar bhileog na gcúiseanna agus gur bhunaigh sé a chinneadh air sin, nach "cúrsaí neamhshuntasacha" a bhí i gceist, agus go mbeadh an cinneadh ag brath ar an ionchúiseamh.

Chinn an OÓÉ mar seo a leanas: -

- Bhí sé de cheart ag an COS a mheas nach raibh an gearánach "oiriúnach don cheapachán seo" don chéim Cft, i gcúinsí ina mbeadh an gearánach á ionchúiseamh maidir le cúiseanna coiriúla amach anseo, go háirithe mar tháinig siad chun cinn sa tréimhse inar chinn an Bord Ardú Céime go raibh an gearánach oiriúnach don ardú céime agus inar tháinig an folúntas chun cinn. D'fhéadfadh scéal eile a bheith i gceist más mionchúiseanna a bhí iontu nó má bhí moill thromchúiseach ann, ach, lníorbh amhlaidh sa chás seo.

- Má tharlaíonn sé go dtarraingítear siar na cúiseanna nó má caitear amach iad i ndiaidh trialach, is féidir leis an ngearánach moladh a lorg óna COS le haghaidh ardú céime. Dúirt an COS go soiléir go raibh an "neamhdeimhniú" "sealadach agus faoi réir fiosrúcháin de chuid na n-údarás ábhartha maidir leis na cúiseanna sin". Bheadh ar chumas an ghearánaigh iarratas a dhéanamh go siardhátófaí an t-ardú céime, agus is ag an Aire a bheadh an fhreagracht buanna an iarratais a mheas sa chás sin.

Sa chás seo níor sheas an OÓÉ leis an ngearán.

Achoimre ar Chás 6

Moill/Mainneachtain Leabhar Scaoilte a sholáthar do chomhalta d'Óglaigh na hÉireann atá ar scor – seasadh leis an ngearán.

Rinneadh gearán nár soláthraíodh Leabhar Scaoilte don ghearánach laistigh den tréimhse atá leagtha síos – os cionn bliana – ón dáta ar scaoileadh é.

Chuir an Roinn in iúl do OÓÉ ar 17 Samhain 2022 (14 mí tar éis dó ÓÉ a fhágáil) gur cuireadh an Leabhar Scaoilte ar aghaidh chuig an ngearánach ar an dáta sin.

Ní bhfuair an OÓÉ aon fhianaise gur coimeádadh siar an Leabhar Scaoilte d'aon ghnó de bhrí go raib gearáin eile déanta ag an ngearánach roimhe sin ná mar go raibh Nochtadh Cosanta curtha isteach aige roimhe sin.

Chinn an OÓÉ go ndearnadh éagóir nuair nár seachadaíodh an Leabhar Scaoilte in am. Dúirt sé "Tá sé ceart gur ceartaíodh an t-éagóir seo, más go mall féin a rinneadh é."

Sheas an OÓÉ leis an ngearán seo.

4 Gnóthaí Corparáideacha

Foireann

Tá foireann an OÓÉ comhdhéanta de:

- Brian O'Neill, Ceann Oifige.
- Lorraine O'Dwyer, Cásbhainisteoir.
- John Sheridan, Oifigeach Feidhmiúcháin,.

Athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Cosúil le hOifigí eile a fhaigheann maoiniú poiblí, rinne an OÓÉ athbhreithniú foirmiúil ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais in 2022. Tá an t-athbhreithniú seo curtha ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá córas buiséadach cuimsitheach i bhfeidhm agus déantar treochtaí caiteachais a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil i gcomhar le cuntasóirí seachtracha an OÓÉ.

Cosaint Sonraí

Tá Oifig an OÓÉ cláraithe leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go gcuirtear forálacha rúndachta faisnéise i bhfeidhm ar an ODF faoi alt 10 den Acht Ombudsman (Óglaigh na hÉireann) 2004 mar a leanas:

> **10.**—(1) 10.—(1) An tOmbudsman nó ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdúcháin) aon ní a nochtadh faisnéis, doiciméad, cuid de dhoiciméad nó rud a fhaigheann an Ombudsman nó oifigeach imscrúdaithe i gcúrsa, nó thar ceann an chun críche réamhscrúdaithe nó imscrúdaithe faoi seo Acht ach amháin chun críocha an—
>
> (a) an réamhscrúdú nó an t-imscrúdú lena mbaineann,
>
> (b) aon ráiteas a dhéanamh, de réir an Achta seo, tuarascáil nó fógra faoin réamhscrúdú sin nó an t-imscrúdú sin, nó
>
> (c) imeachtaí i leith ciona faoin Acht um Rúin Oifigiúla 1963 a líomhnaítear a bheith déanta ina leith faisnéis nó doiciméad, cuid de dhoiciméad nó rud faighte ag anOmbudsman nó ag oifigeach imscrúdaithe de bhua an Acht seo.
>
> (2) An tOmbudsman nó ball d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear oifigeach imscrúdúcháin) ní iarrfar orthu tabhairt fianaise in aon imeachtaí, seachas imeachtaí dá dtagraítear in fo-alt (1)(c), i dtaobh nithe a thagann ar eolas aige nó aici sa cúrsa réamhscrúdaithe nó imscrúdaithe faoin Acht seo.
>
> (3) (*a*) Féadfaidh an tAire fógra i scríbhinn a thabhairt don Ombudsman, maidir le haon doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud a shonraítear san fhógra, nó aon aicme de dhoiciméad, mar chuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud mar sin sonraithe, go bhfuil, i dtuairim an Aire, an nochtadh (seachas don Ombudsman nó do chomhalta dá chuid nó a foireann lena n-áirítear oifigeach imscrúdaithe) de sin doiciméad, an chuid sin de dhoiciméad, an fhaisnéis sin nó an rud sin nó de dhoiciméid, codanna de dhoiciméad, faisnéis nó rudaí den aicme sin, bheadh, ar na cúiseanna sonraithe san fhógra, dochar a dhéanamh do leas an phobail nó le slándáil.
>
> (*b*) I gcás ina dtabharfar fógra faoin bhfo-alt seo, ní bheidh aon ní I forléireofar an tAcht seo mar ní a údaraíonn nó a éilíonn an Ombudsman chun cumarsáid a dhéanamh le haon duine nó le haon duine críche aon doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó an rud a shonraítear san fhógra nó in aon doiciméad, cuid de doiciméad, faisnéis nó rud d'aicme a shonraítear amhlaidh.
>
> (4) I gcás ina dtabharfar fógra faoi fho-alt (3) (a), ní nochtfaidh an tOmbudsman ná comhalta d'fhoireann an Ombudsman (lena n-áirítear imscrúdú oifigeach) aon –
>
> (*a*) doiciméad, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud sonraithe san fhógra, nó
>
> (*b*) aicme doiciméid, cuid de dhoiciméad, faisnéis nó rud a shonraítear san fhógra, chun éinne nó chun aon chríche agus ní bheidh aon nis

> San iomlán bhí 28 cás, lena n-áirítear atreoruithe roimh 2022, faoi athbhreithniú ag an OÓÉ in 2022.

